AN ROINN OIDEACHAIS

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1997

52383

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

(110 marc)

DÉ LUAIN, 16 MEITHEAMH - MAIDIN 9.30 go dtí 11.30

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)
Ceist 1 *agus* Ceist 2 a fhreagairt.

## CEIST 1 - PRÓS - [55 mharc]

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

### A – PRÓS DUALGAIS – (35 mharc)

Freagair *(a)* nó *(b)* anseo.

*(a)* (i) "D'ordaigh Conchúr dá chuid fear teach na Craobhruaidhe a ionsaí."

*(Clann Uisnigh)*

Cén fáth ar thug Conchúr an t-ordú sin ? (5 mharc)
Tabhair **cuntas** ar an troid a tharla agus ar an toradh a bhí ar an troid sin. (20 marc)

(ii) Inis cén pháirt a bhí ag Leabharcham sa scéal. (10 marc)

NÓ

*(b)* (i) "Thabharfainn seantoireasc eile duit - ach ceann speisialta é seo."

*(Mise Mé Féin)*

Cad a bhí i gceist ag athair Aodha leis an gcaint sin ? (5 mharc)
Tabhair **cuntas** ar athair Aodha ón eolas a thugtar faoi sa sliocht. (20 marc)

(ii) "Ar shlí eile is measa mo mháthair ná m'athair. Ach bíonn trua agam di."
Cad a bhí i gceist ag Aodh leis an gcaint sin ? (10 marc)



THALL→

## B – PRÓS ROGHNACH – (20 marc)

Freagair *(a)* <u>nó</u> *(b)* anseo.

*(a)* (i) Maidir le do rogha **<u>ceann amháin</u>** de na *téamaí* seo a leanas, ainmnigh scéal **nó** gearrscéal **nó** úrscéal **nó** dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chursa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann.

<u>[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.]</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| *misneach (<u>nó</u> eagla);* | *díoltas;* | *cruachás;* | |
| *bochtaineacht;* | *saint (<u>nó</u> flaithiúlacht);* | *draíocht.* | (2 mharc) |

(ii) Tabhair **cuntas** <u>gairid</u> ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat. (18 marc)

**<u>NÓ</u>**

*(b)* Maidir le saothar tuairisciúil Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** <u>gairid</u> ar **<u>dhá</u>** théama mhóra atá ann. (18 marc)

<u>[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.]</u> (2 mharc)

# CEIST 2 – FILÍOCHT – [55 mharc]

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

## A – DÁNTA DUALGAIS – (35 mharc)

Freagair *(a)* <u>nó</u> *(b)* anseo.

*(a)* (i) Cad is téama, dar leat, don dán *Cártaí Poist* (<u>thíos</u>) ? (5 mharc)

(ii) Inis **i d'fhocail féin** cad iad na fuaimeanna a luann an file sa dán. (10 marc)

(iii) *ag imirt fichille le hiarlais*
*i mbrístín snámha,*
*a gharmhac bán ó Bhronx Nua-Eabhrac.*

Cad atá i gceist ag an bhfile leis an gcaint sin? (8 marc)

(iv) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat ?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **<u>dhá</u>** fháth.). (12 mharc)

### CÁRTAÍ POIST

An t-aer ina chriathar bán
ag craos glórach na bhfaoileán
os cionn an tráiléara
ag teacht chun cuain
is clogáin na ngabhar
ag bualadh go toll
i measc na gcrann líomóin.

Seanbhean i bhfeisteas caointe
cromtha faoi ualach paidreacha
ina ciaróg chráifeach
ag triall ar an aragal
cois cladaigh
is clog práis slóchta le meirg
ag casachtaigh sa séipéal aoldaite.

Leannáin órtha ag siúl na trá
ag éisteacht le bladar na farraige
is aoire cianaosta
i dtábhairne ar bharr cnoic
ag imirt fichille le hiarlais
i mbrístín snámha,
a gharmhac bán ó Bhronx Nua-Eabhrac.

Ar ardán os cionn na trá
breacaimid aibítir solais ar phár
is seolaimid ár mbeannachtaí gréine
ar chártai poist go hÉirinn.

**NÓ**

*(b)* (i) Tabhair **i d'fhocail féin** príomhsmaointe an dáin *Fothrach Tí i Mín na Craoibhe* (thíos). (10 marc)

(ii) Cé a chum an dán ? Scríobh nóta gearr ar shaol an fhile. (8 marc)

(iii) *Mo cheol thú.*
Cén fáth, dar leat, a ndúirt an file é sin ? (7 marc)

(iv) An maith leat an dán seo ?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.) (10 marc)

## FOTHRACH TÍ I MÍN NA CRAOIBHE

Tá creatlach an tseantí
ag baint ceoil as an ghaoth;
gan doras gan fuinneog gan sclátaí dín
gach foscailt ina feadóg fhiáin
ag gabháil fhoinn.
Ó bhinn go binn
tá an teach tréigthe éirithe
ina shiansa stoirmspreagtha.
Mo cheol thú, a sheantigh;
a leithéid de phortaíocht
ní chluinfí choíche
ó theach téagartha teaghlaigh
lá gaoithe.

## B – DÁNTA ROGHNACHA – (20 marc)

(i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas, ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann.

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.]

| | | |
|---|---|---|
| *séasúir na bliana;* | *grá;* | *an saol gearr seo;* |
| *sásamh (nó míshásamh);* | *áit dúchais;* | *stair.* |

(2 mharc)

(ii) Tabhair **cuntas** gairid ar a bhfuil sa dán sin faoin *téama* atá roghnaithe agat, agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *téama* sin os ár gcomhair. (18 marc)